

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ó thoghthóirí nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh ina stáisiún vótaíochta de bharr imthosca Slí Beatha etc. (lena n-áirítear mic léinn áirithe) chun a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe)

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

### Cuid A – Mionsonraí faoin Iarratasóir

Ainm: (bloclitreacha)							
[Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinneadh céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna.]							
Seoladh: (bloclitreacha)							
Eircode:	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Dáta Breithe:							

### Dearbhú agus Iarratas

Dearbhaím leis seo gur dóigh nach mbeidh mé in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh sa stáisiún vótaíochta mar gheall ar imthosca mo shlí beatha, mo sheirbhíse nó m'fhostaíochta. Déanaim iarratas leis seo m'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

Síniú an Iarratasóra:	
Dáta:	
Uimhir theileafóin i rith an lae/ Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost:	

Comhlánaigh Cuid, B, C nó D, le do thoil, de réir mar is cuí.

## Cuid B – Deimhniú Fostóra

### Le comhlánú i gcás ina ndéanann fostaí an t-iarratas.

Deimhním leis seo, maidir leis an iarratasóir thuasainmnithe atá ar fostú agamsa mar \_\_\_\_\_, gur dóigh, de bhua imthosca a fhostaíochta/fostaíochta, nach mbeidh sé/sí in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta. Tabhair léiriú (gearr) ar na himthosca a chuirfidh cosc ar an iarratasóir vóta a chaitheamh ar an lá vótaíochta: \_\_\_\_\_

Síniú an fhostóra:							
Ainm an fhostóra: <b>(bloclitreacha)</b>							
Seoladh: <b>(bloclitreacha)</b>							
Eircode:	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Dáta:							

## Cuid C – Dearbhú Reachtúla

### Le comhlánú i gcás ina ndéanann toghthóir féinfhostaithe an t-iarratas. Ní mór an dearbhú seo a dhéanamh os comhair Feidhmeannaigh Síochána nó Coimisinéara Mionnaí.

Dearbhaímse, \_\_\_\_\_, go sollúnta agus go fíreata go bhfágann imthosca m'fhéinfhostaíochta mar \_\_\_\_\_, gur dóigh nach mbeidh mé in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938. Tabhair léiriú (gearr) ar na himthosca a chuirfidh cosc ort vóta a chaitheamh ar an lá vótaíochta \_\_\_\_\_

Síniú an Iarratasóra:	
-----------------------	--

Arna dhearbhu os mo chomhairse ag \_\_\_\_\_ a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi (nó ar chuir \_\_\_\_\_, a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi, in aithne dom é/í) i \_\_\_\_\_ an \_\_\_\_\_ ú lá seo de \_\_\_\_\_

Síniú an Fheidhmeannaigh Síochána/Choimisinéara Mionnaí:	
Ainm an Fheidhmeannaigh Síochána/Choimisinéara Mionnaí: <b>(bloclitreacha)</b>	

## Cuid D – Deimhniú ó institiúid oideachais

Le comhlánú i gcás ina ndéanann toghthóir atá ag gabháil go lánaimseartha do chúrsa staidéir in institiúid oideachais sa Stát an t-iarraitas.

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarraitasóir thuasainmnithe páirteach ar bhonn lánaimseartha ar chúrsa staidéir oideachais sa Stát mar atá leagtha amach thíos –

Tabhair ainm agus seoladh na hinstitiúide oideachais, le do thoil:							
Eircode:	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Cúrsa:							
Ré an chúrsa/Bliain den chúrsa:							

agus, de bhua an rannpháirteachais sa chúrsa staidéir sin, gur dóigh nach mbeidh sé/sí in ann dul i bpearsa ar an lá vótaíochta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta.

Síniú rúnaí nó chláraritheoir na hinstitiúide oideachais:	
Ainm rúnaí nó chláraritheoir na hinstitiúide oideachais: <b>(bloclitreacha)</b>	
Dáta:	

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM PVS 2

**Iarratas ó thoghthóirí na bhfuil in ann vóta a chaitheamh ina stáisiún vótaíochta de bharr imthosca Slí Beatha etc. (lena n-áirítear mic léinn áirithe) chun a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlónadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe)**

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo an bealach a réiteach do vótálaithe a bhfuil a n-ainm ar chlár reatha na dtoghthóirí ach ar dóigh ina leith nach mbeidh siad in ann dul i bpearsa chuig stáisiún vótaíochta ar an lá vótaíochta i dtoghchán nó i reifreann mar gheall ar imthosca a slí beatha, a seirbhíse nó a bhfostaíochta, nó ós rud é gur mic léinn iad atá ag freastal ar institiúid oideachais sa Stát ar bhonn lán-aimseartha, agus ar vótálaithe iad ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlónadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is é atá sa dáta deireanach a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrtoghcháin Dála le gur féidir an t-iarratas a bhreithniú i gcomhair an toghcháin sin. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúil nó i gcás Reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú i gcomhair an toghcháin nó an reifrinn sin.

2. Más duine tú den chineál a thuairiscítear ag 1 thuas, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun d'ainm a chur san áireamh san fhorlónadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.
3. **An modh vótála de réir na catagóire seo postvótálaí**  
I ngach toghchán agus i ngach reifreann lena mbaineann, déanfar páipéar ballóide agus foirm dearbhaithe reachtúil a chur chuig toghthóirí a bhfuil a n-ainm san

áireamh i liosta na bpostvótálaithe mar gheall ar imthosca a slí beatha etc. Beidh sé de cheangal ar an toghthóir dul i bpearsa chuig stáisiún Garda Síochána agus an forchlúdach atá dírithe chuige/chuici, an páipéar ballóide neamh-mharcáilte agus an dearbhú céannachta a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána. Beidh ar an toghthóir an dearbhú céannachta a shíniú i láthair an Gharda agus é a thabhairt de láimh don Gharda. Más deimhin leis an nGarda cé hé nó cé hí an toghthóir sin, déanfaidh sé nó sí an dearbhú a fhianú agus é a stampáil le stampa stáisiún an Gharda Síochána. Féadfaidh an toghthóir an páipéar ballóide a mharcáil ansin agus é a chur ar ais leis an bpost, agus an dearbhú céannachta in éineacht leis, chuig an gceann comhairimh.

#### **4. An fhoirm iarratais a chomhlánú**

Tá ceithre Chuid ann san fhoirm iarratais: A, B, C agus D. Ní mór do gach iarratasóir Cuid A a chomhlánú agus ansin, ag brath ar cén ceann atá infheidhme, a chur faoi deara go gcomhlánóidh duine cuí Cuid B, C nó D. Ní mór deimhniú fostóra, dearbhú reachtúil nó dearbhú ó institiúid oideachais a bheith in éineacht le gach iarratas.

#### **5. Cén áit ar ceart an fhoirm iarratais a sheoladh chuici**

Is ceart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig d'údarás clárúcháin nó a sheachadadh ar d'údarás clárúcháin (Comhairle Cathrach, Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach agus Contae).

#### **6. Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

#### **7. Mionsonraí teagmhála**

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

**8. Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?**

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d'iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

- 9.** Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.

**I gcás ina scoireann toghthóir a bhfuil a ainm/hainm san áireamh i liosta na bpostvótálaithe de bheith cáilithe chun a ainm/hainm a bheith san áireamh sa liosta sin (má athraítear fostaíocht, má chríochnaítear cúrsa oideachais), is ceart dó nó di an méid sin a chur in iúl don údarás clárúcháin.**